Foirm LPT7 – Iarratas ar Dhíolúine

(do mhaoine lonnaithe ag daoine áirithe faoi éagumas go buan agus go huile is go hiomlán)

Ba cheart duit an fhoirm seo a chomhlánú má tá iarratas á dhéanamh agat ar an díolúine seo den chéad uair. Ní gá duit é sin a dhéanamh má tá an fhoirm CMÁ7 comhlánaithe agus tíolactha cheana agat do bhliain roimhe seo. Má comhlíonann tú na coinníollacha cáilitheacha don díolúine fós, ní mór duit an díolúine a éileamh ar an tuairisceáin LPT. Roimh chomhlánú na foirme iarratais seo, ba chóir duit na Treoirlínte ar Díolúine ón gCáin Mhaoine Áitiúil Cuid 02-11 i leith "Maoine lonnaithe ag daoine faoi éagumas go buan agus go huile is go hiomlán" a léamh chun a dearbhú an gcáilíonn tú le haghaidh díolúine. Tá treoir ar fáil freisin ag www.revenue.ie ar an rannán CMÁ den suíomh idirlín.

Ainm an duine bhaintigh: (aon duine amháin)

UPSP an duine faoi dhliteanas:

Ainm an duine faoi éagumas: (murab an duine faoi dhliteanas)

UPSP an duine faoi mhíchumas: (murab an duine faoi dhliteanas)

Seoladh na maoine: (Eircode san áireamh)

Aitheantas na Maoine:

An bhfuil an mhaoin a áitíonn an duine éagumasaithe mar an t-aon áit chónaithe nó an phríomháit chónaithe atá aige nó aice?Tá ☐ **Níl** ☐

Cuir in iúl ar tógadh, ar ceannaíodh ar fuarthas nó ar cuireadh an mhaoin in oiriúint: (féach nóta 1)

An dáta ar ar tógadh, ar ceannaíodh ar fuarthas nó ar cuireadh an mhaoin in oiriúint:

Áit ar cuireadh an mhaoin in oiriúint

- Cuir síos ar an obair oiriúnaithe: (féach nóta 2)

- Costas na hoibre oiriúnaithe: **€**
- Luach inmhuirir na maoine roimh an obair oiriúnaithe: (féach nóta 3) **€**
- Dáta críochnaithe na hoibre oiriúnaithe:

DEARBHÚ

Dearbhaím go bhfuil na sonraí uile tugtha ar an bhfoirm seo cruinn ar feadh m'eolais agus mo thuairime.

Síniú an duine faoi dhliteanas: Dáta:

Uimhir Fóin: Seoladh Ríomhphoist:

Nótaí ar an bhfoirm iarratais a chomhlánú

Nóta 1 **“Cuir in iúl ar tógadh, ar ceannaíodh, ar fuarthas nó ar cuireadh an mhaoin in oiriúint”**: D’fhéadfadh sé go mbeadh feidhm ag an díolúine sa chás gur tógadh nó gur ceannaíodh an mhaoin, nó gur cuireadh maoin a bhí ann cheana féin in oiriúint. Ba chóir duit an ceann a oireann a chur in iúl. Ba chóir gur tógadh, gur fuarthas nó gur ceannaíodh an mhaoin toisc go raibh sí oiriúnach chun cónaí inti (agus / nó oiriúnach le cónaí inti) ag duine atá faoi éagumas buan agus go huile is go hiomlán. Áit ar cuireadh maoin a bhí ann cheana féin in oiriúint, ba chóir go ndearnadh an obair oiriúnaithe chun an mhaoin a dhéanamh níos oiriúnaí le cónaí inti ag duine atá faoi éagumas buan agus go huile is go hiomlán.

Nóta 2 **“Cur síos ar an obair oiriúnaithe”:** Tabhair cur síos sa chuid seo ar an obair tógála / feistithe a ndearnadh ar an maoin chun críche í a dhéanamh níos oiriúnaí mar chóiríocht don duine atá faoi éagumas buan agus iomlán.

Nóta 3 **“Luach inmhuirir na maoine roimh an obair oiriúnaithe”:** Ba chóir duit measúnú a dhéanamh ar luach inmhuirir na maoine a bheadh i bhfeidhm sula ndearnadh an obair oiriúnaithe. Leis seo, féadfaidh tú a dhearbhú ar sháraigh costas na hoibre oiriúnaithe (nuair a bheidh siad críochnaithe) 25% den luach measta inmhuirir seo (chun cáiliú don díolúine, ní mór go sáródh an costas 25% den luach measta inmhuirir seo).

Mar shampla, má mheasann tú gur €300,000 luach inmhuirir na maoine a bheadh ann sula ndearnadh an obair oiriúnaithe agus go raibh costas €120,000 ar an obair oiriúnaithe, sháraigh costas na hoibre thar 25% den luach inmhuirir a mheas tú.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó leis an dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus faisnéis faoi do chearta cosanta sonraí ar fáil ar **www.revenue.ie**.

Seol d’fhoirm iarratais chuig na Coimisinéirí Ioncaim, Saorphost, Brainse CMÁ, Bosca PO 1, Luimneach. Má bhíonn aon cheisteanna eile agat, féadfaidh tú glaoch ar an líne chabhrach CMÁ ar 01 738 3626.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Rannán le comhlánú ag Dochtúir an Duine faoi Éagumas ***Féach Fonóta**

Nádúr agus méid an éagumais:

Cén uair ar thosaigh an riocht sláinte de bheith follasach?

An bhfuil an riocht sláinte buan? Tá ☐ **Níl** ☐

Cuir in iúl an méid a chuireann an riocht sláinte isteach ar shoghluaiseacht an duine faoi éagumas:

Cén fáth an measann tú go bhfuil an duine faoi éagumas sa mhéid nach féidir leis nó léi, agus gur dócha nach mbeidh sé ní sí in ann riamh aon obair íoctha a dhéanamh?

Cén fáth go bhfuil an mhaoin seo oiriúnach le cónaí inti ag an duine faoi éagumas? Sa chás go ndearnadh oiriúnú ar an mhaoin, conas a rinne an obair oiriúnaithe í níos feiliúnaí?

Maidir le héagumas an duine, cuir 'x' isteach mar is cuí sna boscaí thíos:

Níl sé ar a gcumas an teach a fhágáil gan chúnamh: ☐ **Úsáideoir cathaoireacha rothaí** ☐

Ní fhéadtar éirí as an leaba ☐

Sonraigh aon rud ábhartha eile a chuireann éagumas in iúl:

Scrúdaigh mé _____ **agus dearbhaím de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim go bhfuil an fhaisnéis uile a tugad cruinn.**

Ainm an dochtúra: (Bloclitreacha)

Seoladh an dochtúra (Eircode san áireamh)

Stampa Dochtúra

Uimhir Fóin:

Siniú an Dochtúra: Dáta:

***Tabhair do d'aire: Maidir le haon mhíchumas nó inniúlacht laghdaithe atá inchurtha i leith seanaoise amháin agus gan a bheith inchurtha i leith aon fhadhb sláinte cheilte, ní chaithfear leis, chun críocha incháilitheachta don díolúine ón CMÁ, mar neamhinniúlacht buan nó iomlán.**